



cetb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Chorcaí
*Cork Education and
Training Board*

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHORCAÍ

PLEAN SEIRBHÍSE

2017

Clár na nÁbhar

Réamhfhocal Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí	4
Forbhreathnú Náisiúnta ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna	5
Struchtúr Geografach	5
Bunoideachas	6
Oideachas Iar-bhunscoile	6
Breisoideachas agus Oiliúint	6
Seirbhísí don Óige	6
Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann	6
Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí	7
Cúlra & Faisnéis Staitistiúil	7
Léarscáil Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí	8
Ráiteas Seirbhísí - Scoileanna	9
Bhunscoileanna	9
Athchumrú Bunscoileanna	9
Iar-bhunscoileanna	9
Coláistí Breisoideachais	11
Rolluithe Réamh-mheasta i Meán Fómhair 2017 i Scoileanna Aitheanta Iar-Bhunscolaíochta in aghaidh an Chláir	12
Ráiteas ar Sheirbhísí - Breisoideachas agus Oiliúint	14
Cúlra an Phróisis Pleanála Breisoideachais agus Oiliúna don bhliain 2017	14
Tosaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chorcaí don bhliain 2016	15
Plean BOO Chorcaí maidir le Soláthar Breisoideachais agus Oiliúna in 2017	16
Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí)	18
Clárú Oiliúna na bliana 2016 agus Réamh-mheastacháin le haghaidh Meán Fómhair 2017	18
Aonad BOO Chorcaí um Obair don Aos Óg 2017	19
Oideachas Pobail agus Aosoideachas	21
Ráiteas Seirbhísí - Eagraíochtúla	22
Tacaíocht Eagraíochta	22

Dara Leibhéal	22
Scoileanna Náisiúnta Pobail	22
Comhaontú Bhóthar Lansdún	22
Seirbhísí Roinnte	23
Cúrsaí Airgeadais	23
Rialachas	23
Bainistíocht Riosca	23
Clár Caipitil/Tógála	23
Bainistíocht Léasanna	23
Comhar le Pátrúin eile	23
Tuarascálacha Airgeadais	24
Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta	24
Scoileanna na Príomhscéime agus Ceannoifig	25
Breisoideachas agus Oilíúint	27

Réamhfocal Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Tá cur síos sa Phlean Seirbhíse seo ar na gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích ag BOO Chorcaí in 2017. Cuirtear réimse fairsing seirbhísí ar fáil agus léiríonn siad an daonra ilchultúrtha atá ag fás sna réigiúin. De réir thorthaí an daonáirimh a d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh, d'fhás daonra Chorcaí 4.6% sna cúig bliana ó 2011 go 2016. Ciallaíonn an méadú sin nach mór do BOO Chorcaí a sheirbhísí a chur in oiriúint agus a fhorbairt chun seirbhísí ábhartha oideachais agus oiliúna a sholáthar le freastal ar riachtanais daonra atá athraithe agus ag athrú. Tá 542,868 nduine ina gcónaí sa réigiún anois.

Tá cur chuige BOO Chorcaí i leith soláthar seirbhíse bunaithe ar an bprionsabal go gcaithfear freastal ar riachtanais an fhoghlaimora mar dhuine aonair agus mar dhuine den phobal agus den tsochaí níos leithne. Cuireann BOO Chorcaí roghanna ardchaighdeán oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar na riachtanais sin, agus tugann sé aird ar

riachtanais na bhfostóirí agus ar na tosaíochtaí atá leagtha síos ag an Rialtas. Léiríonn leithead agus scóip ár seirbhísí don Fhoghlaimeoir, don Phobal agus do lucht Tionscail cumas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí cláir oideachais agus oiliúna atá cuí agus ábhartha a phleanáil agus a chur ar fáil agus comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Tá buiséad foriomlán BOO Chorcaí ag teacht le scála agus réimse soláthair na heagraíochta agus tá níos mó ná 3,500 ball foirne fostaithe chuige sin, a bhfuil a bhformhór ina múinteoirí nó ina dteagascóirí. Faigheann na baill foirne túslíne sin tacaíocht ó bhaill foirne riaracháin, airíochais agus glantacháin a chuireann an tacaíocht riachtanach ar fáil chun seirbhís éifeachtúil, éifeachtach agus freagrach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas leanúnach na foirne go léir a áirithíonn trína n-iarrachtaí laethúla go leanann BOO Corcaigh air ag fás agus go roghnaíonn muintir Chorcaí é mar oideachasóir.

An tUasal Timothy Owens

Príomhfheidhmeannach

Forbhreathnú Náisiúnta ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Údaráis reachtúla iad BOOanna atá freagrach as oideachas agus oiliúint, as obair don aos óg agus as réimse feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus reáchtálann BOOanna scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, scoileanna náisiúnta pobail ilchreidmheacha agus réimse ionad oideachais do dhaoine fásta agus ionaid bhreisoideachais ina gcuirtear cláir oideachais agus oiliúna ar fáil. Tá na feidhmeanna ginearálta atá ag aon Bhord Oideachais agus Oiliúna leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Struchtúr Geografach

Tá sé BOO déag (16) ann san iomlán ar fud na tíre agus iad leagtha amach mar seo a leanas;

Education and Training Boards (ETBs) in Ireland



BOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA (BOOanna) IN ÉIRINN

Dún na nGall

Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim

An Cabhán agus Muineachán

Gaillimh agus Ros Comáin

An Longfort agus an Iarmhí

Lú agus an Mhí

Co. Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire

Cathair Bhaile Átha Cliath

Laois agus Uíbh Fhailí

Cill Dara agus Cill Mhantáin

Luimneach agus an Clár
Tiobraid Árann
Cill Chainnigh agus Ceatharlach
Ciarraí
Corcaigh
Port Láirge agus Loch Garman

Bunoideachas

Tá BOOanna ina bpátrúin ar roinnt scoileanna náisiúnta pobail. Tá na scoileanna seo suite i bpobail áitiúla. Is scoileanna leanbhárnacha, cuimsitheacha, íl-creideamhacha iad a fhaigheann tacaíocht na Stáit agus déanann siad a ndícheall le hoideachas bunscoile ardchaighdeán a sholáthar do gach páiste ar bhealach atá ag teacht le Curaclam na Bunscoile agus leis na treoirínte atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Iar-bhunoideachas

Tá aon trian de na scoileanna dara leibhéal sa tír á mbainistiú ag BOOanna, sa chaoi go gcuireann siad oideachas iar-bhunscoile ar fáil do bhreis agus 100,000 mac léinn. Tá beartais chuimsitheacha ilchreidmheacha acu maidir le rollú agus freastalaíonn siad ar dhaltaí de gach cumas agus ó gach cúlra.

Breisoideachas agus Oiliúint

Cuireann BOOanna cláir bhreisoideachais agus oiliúna ar fáil do níos mó ná 200,000 duine fásta gach bliain. Cuirtear seirbhísí ar fáil trí chláir lánaimseartha agus páirtaimseartha i gColáistí Breisoideachais, Ionaid Oiliúna, Ionaid Ógtheagmhála agus i suíomhanna áitiúla agus pobail.

Seirbhísí Óige

Cuireann na BOOanna réimse clár ar fáil do dhaoine óga trína Seirbhísí don Óige agus tacaíonn siad leo. Cuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoiniú ar fáil do na seirbhísí sin agus cuirtear ar fáil iad i gcomhar le hEagraíochtaí Óige.

Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann

Is iad Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann an comhlacht ionadaíoch náisiúnta le haghaidh BOOanna atá ina mbaill de agus déanann siad idirbheartaíocht thar ceann earnáil na BOOanna ag fóraim éagsúla laistigh den earnáil oideachais, sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus ar leibhéal an AE.

Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí

Ceapadh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh ceart agus rialú ceart a fheidhmeanna i limistéar údarás áitiúil Chomhairle Contae Chorcaí agus i limistéar Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Cúlra & Faisnéis staitistiúil

Ritheadh an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 i mí na Bealtaine 2013 agus é le teacht i bhfeidhm ón 1 Iúil, 2013. Bhí foráil san Acht go gcuirfí na Coistí Gairmoideachais ar ceal agus go mbunófaí 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna agus trí chuid de na 33 Choiste Gairmoideachais a bhí ann ag an am a chumasc le chéile. Tar éis do Choistí Gairmoideachais Contae agus Cathair Chorcaí a bheith cónasctha le chéile Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí (BOO Chorcaí) a bhí freagrach as bunoidreachas, iarbhunoidreachas agus breisoideachas a chur ar fáil faoi mar a bhíodh á dhéanamh ag a réamhtheachtaithe na Coistí Gairmoideachais.


Síníodh an tAcht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 ina dhlí i mí Iúil 2013. Bhí foráil san Acht do bhunú SOLAS. Bhí foráil san Acht d'aistriú cúraimí oiliúna agus baill foirne a bhíodh ag FÁS chuig na BOOanna nuabhunaithe. Bhunaíodh SOLAS (An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna) faoin acht freisin atá freagrach as pleanáil, maoiniú agus comhordú na seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a chuireann na BOOanna ar fáil go háitiúil.

Tá BOO Chorcaí ag díriú ar na cliaint seo a leanas:

- Mic léinn agus/nó a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí
- Foghlaimeoirí fásta
- Pobail ar fud an Chontae
- Daoine óga agus oibrithe deonacha
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontas faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta do mhic léinn atá á riar go díreach ag an BOO
- Eagraíochtaí Deonacha agus Spóirt

Cuireann BOO Chorcaí seirbhísí ar fáil chomh maith i níos mó ná 100 ionad sa Chathair agus sa Chontae i gcomhar le grúpaí áitiúla oideachais pobail agus soláthraithe oiliúna.

Léarscáil ina léirítear Bord Oideachais agus Oilíúna Chorcaí



Ráiteas faoi Sheirbhísí - Scoileanna

Bunscoileanna

Tá BOO Chorcaí ina phátrún ar 2 Scoil Náisiúnta Pobail. Tús nua ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí is ea an bhaint seo atá againn le bunoidreachas in Éirinn.

- Scoil Aonghusa, Scoil Náisiúnta Pobail, Carraig Dhúin, Mala
- Scoil Chlíodhna, Scoil Náisiúnta Pobail, West End, Carraig Thuathail

Nuair a bunaíodh na scoileanna den chéad uair, bhí an tAire Oideachais agus Scileanna mar phátrún acu ach ar an 1 Meán Fómhair 2016, de réir fhorálacha Alt 8 den Acht Oideachais, 1998, aistríodh an phátrúnacht chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Tá Boird Bhainistíochta á gcur ar bun faoi láthair do na scoileanna nua le cur in áit an Bhainisteora aonair a cheap an tAire Oideachais agus Scileanna.

Cuirfidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí acmhainní oideachais, airgeadais agus daonna ar fáil don dá scoil sin mar aon le comhairle faoi chúrsaí foirgníochta agus tacaíocht maidir lena rialachas agus bainistíocht fhoriomlán. Tá tús curtha leis an obair agus leanfar ar aghaidh leis i rith 2017, agus béim ar leith á leagan ar nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin.

Athchumrú Bunscoileanna

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) Próiseas Athchumraithe Scoileanna ar mhaithe le hÉagsúlacht chun aghaidh a thabhairt ar an tiomantas a bhí i gClár an Rialtais 2016 chun cur le líon na scoileanna il-sainchreidmheacha agus neamh-shainchreidmheacha chun go mbeadh 400 acu ann faoi 2030.

Iarrfar ar phátrúin scoileanna sainchreidmheacha atá ann cheana féin smaoineamh ar na bunscoileanna atá ann faoi láthair a athchumrú i gcomhairle le pobail áitiúla na scoileanna, trína ndéanfaí scoil atá ag feidhmiú cheana féin a aistriú chuig pátrún il-sainchreidmheach nó neamh-shainchreidmheach. Aithníodh go mbeadh dhá chéim san obair sin, *an Chéim Aitheantais* ar dtús agus *an Chéim Forfheidhmithe* ina dhiaidh sin.

Tá sé de fhreagracht ar BOOanna, mar údarais reachtúla, faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú a dhéanamh maidir le soláthar oideachais ina limistéir feidhme. Ar an mbonn sin déanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna *an Chéim Aitheantais* den Phróiseas Athchumraithe Scoileanna ar mhaithe le hÉagsúlacht a bhainistiú ar bhunús éileamh na dtuismitheoirí. Tá tús curtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le ceardlanna maidir leis an bpróiseas agus meastar go mbeidh ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí pleanáil a dhéanamh maidir le tionchar na hoibre seo ó thaobh cúrsaí riaracháin agus airgeadais de.

Iar-bhunscoileanna

Tá BOO Chorcaí ina phátrún ar 28 gcoláiste iar-bhunscoile. Tá 12 cheann de na coláistí sin ina gcoláistí sainithe Pobail áit a bhfuil comhaontú leis an easpag Caitliceach Rómhánach áitiúil go mbeadh baint ag an deoise le rialachas an choláiste. Tá BOO Chorcaí freisin ina

chomhphátrún le deoise nó le hord reiligiúnach ag 12 scoil phobail i gCorcaigh. Leanfaidh BOO Chorcaí ar aghaidh ag cur raon seirbhísí ar fáil do na scoileanna sin lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, acmhainní daonna, tógála, TFC, agus rialachas chomh maith le tacaíocht maidir le pleanáil oideachais.

Meastar go mbeidh 663 mhac léinn bhreise inár scoileanna in 2017. Is méadú suntasach é sin agus tá BOO Chorcaí ag obair go gníomhach maidir le pleanáil agus cur ar fáil roinnt tionscadal suntasach tógála chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta sin.

Tá Coláistí Bhord Oideachais & Oiliúna Chorcaí fréamhaithe ina bpobail áitiúla. Cuireann sainspiorad na gcoláistí ar chumas na mac léinn a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach i dtimpeallacht dhearfach agus spreagúil. Cuireann ár gColáistí réimse leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim ar fáil ó thaobh cúrsaí spóirt, ceoil agus drámaíochta.

I measc na gclár atá á dtairiscint inár gcoláistí tá -

- An Teastas Sóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- An Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Cuirtear curaclam cuimsitheach agus sofhreagrach ar fáil inár scoileanna. Bíonn réimse iomlán ábhar ar fáil, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, agus cuirtear ábhair ar fáil ar leibhéal dhifriúla sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon chun ligean do dhaltaí a leibhéal cumais agus a n-acmhainneacht a bhaint amach. Spreagtar daltaí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile lena n-áirítear imeachtaí seach-churaclaim.

Is iad tréadchúram agus folláine na ndaltaí go léir príomhchúram agus fócas ár scoileanna agus ár gcoláistí. Tá struchtúir agus tacaíochtaí ar fáil sna scoileanna chun cabhrú le scoláirí agus iad ag gluaiseacht trína mblianta iar-bhunscoile. Cuirtear an tacaíocht sin ar fáil trí na struchtúir fhoirmiúla lena n-áirítear cinnirí na mblianta, teagascóirí ranga, séiplínigh agus treoirchomhairleoirí agus freisin, agus b'fhéidir níos tábhachtaí fós, trí fhorbairt éitis i measc na mball foirne go bhfuil gach leanbh tábhachtach, agus go bhfuil ról agus gach ball de phobal na scoile chun a bhfás agus a bhfolláine fhisiceach, morálta, intleachtúil agus spioradálta a chinntiú.

D'fhonn a áirithiú go mbeidh an caighdeán is airde teagaisc agus foghlama ann déanfar modheolaíochtaí oideolaíoch a cuí agus cuir chuige cuí a fhorbairt ar ardchaighdeán agus a chur i bhfeidhm chun an t-eispéireas oideachasúil is fearr is féidir a chur ar fáil dár mic léinn, agus déanfaidh BOO Chorcaí tacaíochtaí a thairiscint do gach scoil i réimsí mar fhorbairt leanúnach ghairme (FGL), Litearthacht Teanga agus Uimhearthacht, Oideachas speisialta, Múineadh agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta, Béarla mar Theanga bhreise, chomh maith le Forbairt Ceannaireachta agus Clár Tacaíochta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí, Lucht Meánbhainistíochta agus baill foirne eile.

Chomh maith leis an méid thuas, tairgfear tacaíocht freisin i réimsí maidir le ceapadh beartas agus rialachas trí obair leanúnach agus oiliúint le Boird Bhainistíochta agus le lucht bainistíochta na scoileanna.

Coláistí Breisoideachais

Tá 4 choláiste neamhspleácha Breisoideachais (Coláistí Iar-Ardteistiméireachta) ag BOO Chorcaí, agus tá cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta á gcur ar fáil in aonaid atá nasctha le 8 n-iar-bhunscoil. Bíonn mic léinn ag freastal orthu ar feadh bliana nó dhó de ghnáth agus bíonn thart ar 50% díobh ina bhfoghlaimoirí lánfhásta atá ag filleadh ar oideachas lánaimseartha. Nuair a bhíonn a gcuid cáilíochtaí bainte amach acu téann siad ar aghaidh go díreach chuig fostaíocht nó chuig cúrsaí Ardoideachais. Tugann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann nó comhlachtaí creidiúnaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta aitheantas dár gcúrsaí. Cé gur coláistí iar-bhunoideachais iad atá aitheanta go teicniúil agus cé go dtugann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maoiniú don fhoireann, tá feidhmiú na gColáistí á stiúradh ag an Stiúrthóireacht um Breisoideachas agus Oiliúint, agus cuirtear maoiniú oibriúcháin ar fáil trí an leithdháileadh a thugtar don bhuiséad Breisoideachais agus Oiliúna a chuirtear ar fáil trí SOLAS. Bíonn athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar na cúrsaí a chuirtear ar fáil lena chinntiú go sásaíonn siad riachtanais na mac léinn agus go bhfuil siad ábhartha ó thaobh lucht tionscal.

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na gColáistí agus ar ailíniú oiriúnach ár n-ionaid in 2017 nuair a fhoilseofar an t-athbhreithniú náisiúnta ar an earnáil Iar-Ardteistiméireachta atá ar bun ag ESRI thar ceann SOLAS.

Le linn 2017, i gcomhthráth le cur i bhfeidhm cibé riachtanais agus teoracha a eascróidh ó thorthaí athbhreithniú na hearnála Iar-Ardteistiméireachta, leanfaidh BOO Chorcaí ar aghaidh i ngach coláiste agus scoil Iar-Ardteistiméireachta agus iontu siúd a chuireann cláir Iar-Ardteistiméireachta ar fáil mar aguisín lena bhfuil á gcur ar fáil acu i gcúrsaí iar-bhunoideachais príomhshrutha, ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le soláthar Iar-Ardteistiméireachta, lena n-áirítear socrúithe caighdeánaithe maidir le fad cúrsaí, cuir chuige maidir le measúnú, socrúcháin oibre, forbairt acmhainní, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus aiseolas na mac léinn.

Rolluithe Réamh-mheasta i Meán Fómhair 2017 i Scoileanna Aitheanta Iar-Bhunscolaíochta in aghaidh an Chláir

Scoil/Coláiste	Uimh. Rolla	Teastas Sóisearach	Idirbhliain	Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh	Gairmchlár na hArdteistiméireachta	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	An Ardteistiméireacht
Coláiste Pobail Charraig Thuathail	76333G	109					
Coláiste Pobail Chloich na Coillte	70950A	277	85		96	34	55
Coláiste Pobail Áth an Chóiste	70960D	370	100		51		124
Coláiste Pobail An Chóibh	70970G	71	60	29	30	16	61
Coláiste an Chraoibhín (Fear Maí)	70990M	442	65	46	130	10	70
Coláiste Choilm (Baile an Chollaigh)	71103K	706	230			22	422
Coláiste Daibhéid	71124S	112	40				74
Coláiste Ghobnatan (Baile Bhúirne)	70920O	119	25			6	57
Coláiste Pobail (Beantraí)	76090G	346	71		30	198	
Coláiste Pobail Naomh Mhuire (gCill na Mallach)	76067L	146	48	66	10		99
Coláiste Stiofáin Naofa	71122O						
Coláiste Treasa (Ceann Toirc)	71000A	274	60		85	113	
Coláiste Tráchtála	71120K						150
Gaelchholáiste Dáibhís (Mala)	71020G	230	161	140	80	30	200
Gaelchholáiste Charraig Uí Leighin	76273O	87					
Coláiste Pobail Ghleann Maighir	76064F	522	144			12	373
Coláiste Breisoideachais Mhala	76434M						
Coláiste Pobail Mhuire gan Smál, Dún Mánmhaí	76086P		88	249	101		58
Coláiste Mac Aogáin (Maigh Chromtha)	71030J		33	68	60	15	
Coláiste Pobail de Nóglá	71110H	72	25	34			55
Coláiste Pobail Na Scoile	71102I	186	71		124		20

Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh	70931T	67			48		
Coláiste Pobail Naomh Aodhán, Cnoc Bhaile Átha Cliath	71101G	150	66	51		45	109
Coláiste Naomh Brógáin, Droichead na Bandan	70910L	137	80	154	88	26	16
Coláiste Pobail Naomh Colmán, Mainistir na Corann	71050P	288	96	144	172	30	54
Coláiste Fionnchua, Baile Mhistéala	71040M	121	32		85	26	
Lár Choláiste Eoin	71121M						
Coláiste Pobail Thraolach Mhic Shuibhne	71123Q	89	16			29	35
Iomlán in aghaidh na Scéime		4921	1596	981	1190	612	2032

Ráiteas ar Sheirbhísí - Breisoideachas agus Oiliúint

Is éard atá i mBreisoideachas agus Oiliúint seirbhísí oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do réimse leathan tairbhíthe. Tá raon mór seirbhísí á gcur ar fáil ó chúrsaí lánaimseartha a gcuirtear ar fáil sna Coláistí Breisoideachais (a luadh cheana), in Ionad Oiliúna Chorcaí (atá ar cheann de na cinn is mó sa tír) nó sna seirbhísí agus sna cláir eile atá liostaithe thíos

- Iar-Ardteistiméireacht
- Printíseachtaí
- Cúrsaí Oiliúna
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- Litearthacht d'Aosaigh
- Dianoideachas Bunúsach do Dhaoine Fásta (ITABE)
- Oideachas Pobail,
- Oiliúint Sainscileanna
- Ógtheagmháil,
- Ionaid Oiliúna Pobail,
- Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
- Seirbhís Oideachais na bPríosún
- Seirbhís do Dhaoine a Scaoileadh amach ó Phríosúin
- Scileanna don Obair
- Comhoibriú le hinstitiúidí eile

De bharr éagsúlacht na gclár agus na grúpaí éagsúla ar a bhfuil siad dírithe ní mór do BOO Chorcaí monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a bhfuil á gcur ar fáil acu, dul i dteagmháil go gníomhach le fostóirí áitiúla agus dul i gcomhairle le fostóirí agus moltaí a ghlacadh uathu, agus ó ghrúpaí tionscail, ó lucht beartas náisiúnta agus ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile, lena n-áirítear an Roinn Coimirce Sóisialaí, Fiontraíocht Éireann, na hOifigí Fiontair Áitiúla, srl.

Leanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar aghaidh in 2017 ag athbhreithniú a cuid struchtúr pleanála agus soláthair, agus díreoidh sé ar sholáthar dúbailte a íoslaghdú agus ag an am céanna rochtain do dhaoine aonair a mhéadú, ábharthacht d'fhostóirí a fheabhsú agus caighdeán na gclár atá á dtairiscint a choinneáil agus a fheabhsú. Díreoidh BOO Chorcaí, i gcomhairle le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha, ar roinnt cúrsaí nua a fhorbairt agus a chur ar fáil sna cláir éagsúla Breisoideachais agus Oiliúna a chuireann cáilíochtaí agus deiseanna oiriúnacha ar fáil le go bhféadfar dul ar aghaidh go fostaíocht agus/nó staidéir bhreise. I measc na bhforbairtí atá beartaithe laistigh den PLSS (Seirbhís Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí an Chórais) in 2017 tá iarratas díreach ar líne agus féin-atreorú. Cinnteoidh na gnéithe feabhsaithe sin go mbeidh rochtain níos fearr ag an bpobal.

Cúlra an Phróisis Pleanála Breisoideachais agus Oiliúna don bhliain 2017

Ní mór do phróiseas pleanála bliantúil BOO Chorcaí maidir le Breisoideachas agus Oiliúint a bheith sofhreagrach maidir le:

- Beartas agus cuspoirí an Rialtais náisiúnta
- Ceanglais phróiseas SOLAS maidir le maoiniú bliantúil

- Riachtanais an mhargaidh saothair (tógtha ó thaighde an Aonaid um Thaighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair (SLMRU)).

Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála maidir le Breisoideachas agus Oiliúint 2017 i Samhain 2016 le sraith chruinnithe comhairliúcháin a raibh ionadaithe ó gach seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chorcaí páirteach ann mar aon le hionadaithe fostóirí, pobail agus gníomhaireachtaí eile. Ba é cuspóir na rannpháirtíochta sin ná moltaí pleanála a fhorbairt bunaithe ar cheithre limistéar na gCoistí Forbartha Pobal Áitiúil (LCDC) a ndearna BOO Chorcaí pleanáil agus seachadadh a sheirbhísí a ailíniú leo. Rinne Oifigigh Oideachais Aosaigh an BOO comhordú air faoi stiúir an Stiúrthóra Breisoideachais agus Oiliúna, cuireadh bailchríoch ar theimpléid phleanála a chuir SOLAS ar fáil do gach réimse, rinneadh comhordú lárnach ar na freagraí agus cuireadh na cáipéisí deiridh faoi bhráid SOLAS tríd an gcóras um Iarratas ar Leithdháileadh agus Tuairisciú Maoinithe (FARR).

Lorgaíodh na sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla i dtaca le gnóthachtálacha Breisoideachais agus Oiliúna in 2016 agus an soláthar atá beartaithe do 2017 ag teacht le paraiméadair mhaoinithe agus riachtanais SOLAS. Tá na tosaíochtaí atá leagtha síos ag SOLAS ina ndoiciméad treorach "Pleanáil Uileghabhálach agus Paraiméadair" a eisíodh chuig BOOanna ina ndlúthchuid den Phlean Breisoideachais agus Oiliúna 2017 atá ag BOO Chorcaí. Tá buiséad Breisoideachais agus Oiliúna **€51,057,557** milliún leithroinnte ag SOLAS chun Breisoideachas agus Oiliúint a chur ar fáil in 2017.

Tosaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chorcaí don bhliain 2016

- Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a chur ar fáil chun scileanna, scileanna nua nó scileanna feabhsaithe a thabhairt do dhaoine dífhostaithe agus do lucht cuardaigh fostaíochta eile le cur ar a gcumas fostaíocht a fháil agus/nó dul ar aghaidh go hoideachas nó go hoiliúint bhreise nó go hardoidéachas nó go hardoiliúint a chuirfidh ar a gcumas dul san iomaíocht sa mhargadh saothair
- Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a chur ar fáil chun tacú le raon éagsúil de dhaoine aonair atá ag lorg scileanna pearsanta, sóisialta agus forbartha le cur ar a gcumas a bheith páirteach i bhfoghlaim nó fillleadh athuair ar fhoghlaim, nó cur ar a gcumas cur go suntasach lena bpobail agus leis an tsochaí, nó dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oiliúint
- Cumas a fhorbairt chun breis printíseachtaí a chur ar fáil le déileáil leis an méadú atá ag teacht ar chlárúchán sna printíseachtaí (ceardaíochta) atá ann cheana, agus printíseachta nua a chur ar fáil de réir mar a bheidh siad ar fáil nuair a dhéanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann bailíochtú ar na moltaí faoi phrintíseachtaí.
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar struchtúir na gcúrsaí agus an tsoláthair atá ann faoi láthair lena n-ailíniú níos fearr le deiseanna fostaíochta agus deiseanna maidir le dul chun cinn
- Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chaighdeán agus ar raon an tsoláthair Breisoideachais agus Oiliúna agus béim ar leith a leagan ar sholáthar cúrsaí nuálacha, foghlaim le cabhair na teicneolaíochta, fiontraíocht a chur chun cinn, litearthacht agus uimhearthacht agus soláthar Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) a fheabhsú
- Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chaighdeán agus ar sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna trí fhorbairt leanúnach ghairme (FLG) a chur ar fáil chun feabhas a chur

ar ghnéithe oideolaíocha agus teicniúla araon nuair a bhíonn cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna á gcur ar fáil

- Struchtúir nua agus athbhreithnithe maidir le Dearbhú Cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, mar aon le córais agus tacaíochtaí chun cur le caighdeán an tsoláthair, taithí agus torthaí an fhoghlaim, agus tuilleadh feabhais a chur ar cháil agus ar stádas an tsoláthair Breisoideachais agus Oiliúna
- Straitéis fógraíochta agus margaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le Breisoideachas agus Oiliúint don earnáil Breisoideachais agus Oiliúna go léir, agus aitheantas a fheabhsú agus feasacht a ardú i measc an phobail
- Múnla maidir le Dearadh Uilíoch le haghaidh Foghlama a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a thacóidh le foghlaim faoi mhíchumas agus a fheabhsóidh eispéiris foghlama gach rannpháirtí Breisoideachais agus Oiliúna
- Tús a chur le cur i bhfeidhm na straitéise maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta don earnáil Breisoideachais agus Oiliúna
- Feabhsú leanúnach a dhéanamh maidir le soláthar áiseanna lena chinntiú go mbeidh foghlaim faoi mhíchumas ag freastal ar thimpeallachtaí foghlama atá inrochtana, sábháilte, compordach agus cothrom le dáta
- Spriocanna náisiúnta a bhaint amach maidir le rátaí rannpháirtíochta grúpaí tosaíochta mar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine óga dífhostaithe agus daoine faoi mhíchumas
- Feabhsú breise a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint d'fhoghlaim, d'fhostóirí agus don phobal.

Plean BOO Chorcaí maidir le Soláthar Breisoideachais agus Oiliúna in 2017

Leagtar amach sa tábla thíos an soláthar atá beartaithe do Bhreisoideachas agus Oiliúint in 2017 agus na costais a bhainfidh leis. Meastar go mbeidh 16,992 ionad ar fáil d'fhoghlaim faoi mhíchumas i gclár agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna in 2017.

Tá miondealú sa tábla ar líon na bhfoghlaim faoi mhíchumas/na dtairbhíthe agus an buiséad atá leagtha síos do 2017 ó leithdháileadh Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS.

Níl costas iomlán an tsoláthair Iar-Ardteistiméireachta san áireamh sna luachanna maoinithe, agus ní dhéantar tagairtí ach don deontas breise caipitíochta a íoctar i leith cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. Maoiníonn ROS áiteanna Iar-Ardteistiméireachta go díreach, agus bíonn costais foirne agus múinteoirí cuimsithe i mbuiséad pá CRTB na príomhscéime. Áirítear sna luachanna maoinithe sa tábla na liúntais a íoctar in ionad tacaíocht ioncaim d'fhoghlaim faoi mhíchumas atá cáilithe le haghaidh liúntais na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS)

Meastachán Réamh-mheasta ar Sholáthar agus Costais Breisoideachais agus Oiliúna 2017

	An Cineál Cláir	Iomlán na dTairbhíthe a Tuairiscíodh in 2016	Tairbhíthe Réamh-mheasta in 2017	Leithdháileadh Buiséad 2017
SOLÁTHAR LÁNAIMSEARHTHA	Oiliúint Phrintíseachta	1,154	1421	€7,306,790
	Ionaid Oiliúna Pobail	178	160	€2,027,555
	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	612	457	€3,429,531
	Cúrsa Iar-Ardeistiméireachta	9,405	8194	€1,055,458
	Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	447	310	€5,382,304
	Oiliúint Sainscileanna	1,418	1817	€4,359,385
	Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	229	237	€2,397,701
	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais Lárnach agus Scaipthe	550	550	€3,914,441
	Ógtheagmháil	866	840	€6,902,165
	Iomláin Lánaimseartha	14,859	13,986	€36,775,330

	An Cineál Cláir	Iomlán na dTairbhíthe a Tuairiscíodh in 2016	Tairbhíthe Réamh-mheasta in 2017	Leithdháileadh Buiséad 2017
S O L	Grúpaí um Litearthacht d'Aosaigh	4,353	4621	€2,042,700

	Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas	2,339	3019	€1,435,487
	BÉARLA DO CHAINTEOIRÍ TEANGACHA EILE	1,289	1260	€135,000
	Oiliúint Tráthnóna	1,042	890	€353,130
	ITABE	772	700	€226,202
	Oiliúint Leabharlanna	205	0	€0
	Athlonnú Dídeanaithe	0	0	€50,000
	Scileanna don Obair	145	222	TBC
	Teagasc Deonach Litearthachta	0	50	€0
	Foghlaim Ar-líne/Foghlaim Chumaisc	0	20	€1,895
	Oideachas Pobail	5749	6210	€1,094,438
	Iomlán Páirtaimseartha	15,894	16,992	€5,338,852

	Costais eile	
COSTAIS EILE	Abhcóideacht (Ógtheagmháil agus Ionaid Oiliúna Pobail)	€52,000
	Tionscadail Nuálaíochta	€653,446
	Seirbhís Treorach d'Aosaigh	€460,000
	Breacadh	€2,500
	Costais Oibriúcháin	€7,775,429
	Costais Iomlána Eile	€8,943,375

Buiséad Iomlán 2017	€51,057,557
----------------------------	--------------------

* Tagraíonn 'Tairbhíthe' do líon iomlán na bhFoghlaimoírí a ghlacann páirt i gcúrsaí idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig d'aon bhliain ar leith.

Ionad Oiliúna Chorcaí (Seirbhísí)

Is é Ionad Oiliúna Chorcaí, atá suite in Ascaill Rosa, Baile an Easpaig, an t-ionad oibriúcháin agus an mol do gach seirbhís oiliúna a chuireann BOO Chorcaí ar fáil maidir le Breisoideachas agus Oiliúint. Cé go gcuirtear raon printíseachtaí ar fáil san ionad lena n-áirítear oiliúint lasmuigh den láthair oibre (Céim 2), cuirtear raon clár oiliúna speisialaithe ar fáil san ionad freisin agus feidhmíonn sé mar lárionad comhordaithe agus riaracháin maidir le soláthar oiliúna, agus tá raon oifigí tacaíochta Breisoideachais agus Oiliúna BOO Chorcaí lonnaithe ann, lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta agus Seirbhísí Óige.

Ar aon dul le paraiméadair agus riachtanais pleanála Breisoideachais agus Oiliúna náisiúnta, déanfar iarracht ó thaobh seirbhísí oiliúna BOO Chorcaí in 2017 cur leis méid na bprintíseachtaí ar féidir a sholáthar tríd an ionad, trí athchumrú a dhéanamh ar spásanna oiliúna atá ann faoi láthair agus infheistíocht a dhéanamh in acmhainn bhreise lasmuigh den ionad. Leagfar béim faoi leith san Ionad Oiliúna ar oiliúint bhreise a fhorbairt agus a sholáthar do dhaoine i bhfostaíocht in 2017

Cuireann feidhm oiliúna BOO Chorcaí cláir ar fáil chun scileanna, scileanna nua nó scileanna feabhsaithe a thabhairt do dhaoine dífhostaithe chomh maith le lucht cuardaigh fostaíochta eile chun post a fháil agus/nó dul ar aghaidh go hoideachas nó go hoiliúint bhreise nó go hardoideachas nó go hardoiliúint a chuirfidh ar a gcumas dul san iomaíocht sa mhargadh saothair. Cuirtear na cláir seo ar fáil trí chúrsaí lánaimseartha i rith an lae, trí chúrsaí, oíche nó trí chúrsaí ar líne.

Chomh maith le hoiliúint daoine dífhostaithe agus fheabhsú scileanna, déantar oiliúint printíseachta a bhainistiú agus a riar chomh maith. Tá sé beartaithe go mbeidh thart ar 1,400 áit oiliúna ar fáil do phrintísigh in 2017 ag céimeanna 2,4,6. Tá breis agus 1,100 printíseach faoi oiliúint ag na céimeanna éagsúla, agus iad fostaithe ag níos mó ná 550 fostóir i gContae Chorcaí. Táthar ag súil go dtiocfaidh leathnú leanúnach ar phrintíseachtaí ceardaíochta i rith na bliana. Tá acmhainn oiliúna breise á pleanáil chun freastal ar an éileamh atá ag méadú.

Tá sé beartaithe printíseachtaí nua breise a thabhairt isteach freisin lena n-áirítear Chef Lánoilte (leibhéal 6), Teicneolaí Polaiméara (leibhéal 7), Teicneoir Déantúsaíochta (leibhéal 6), Innealtóir Déantúsaíochta (leibhéal 7).

Clárú Oiliúna na bliana 2016 agus Réamh-mheastacháin i gcomhair Meán Fómhair 2017

Clár Oiliúna	Iomlán na dTairbhíthe a Tuairiscíodh in 2016	Tairbhíthe Réamh-mheasta in 2017
Oiliúint Phrintíseachta	1,154	1421
Ionaid Oiliúna Pobail	178	160
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	612	457
Oiliúint i gCúrsaí Oiliúna	229	237
Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	447	310
Oiliúint Sainscileanna	1,418	1817
Oiliúint Tráthnóna	1,042	890
Oiliúint Leabharlanna	205	0
Iomlán	5,285	5,292

Aonad BOO Chorcaí um Obair don Aos Óg 2017

Riarfaidh BOO Chorcaí **€2,615,922** in 2017 i gcás 38 tionscadal óige i gCathair agus i gContae Chorcaí faoi scéimeanna óige na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Bainfidh os cionn 150 grúpa deonacha óige tairbhe as an scéim Deontais do Chlubanna Óige. Riarfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí maoiniú do 5 thionscadal faoin tascfhórsa áitiúil um dhruaí. Cuireann roinnt Eagraíochtaí Óige seirbhísí Obair Óige ar fáil i gCorcaigh. Gníomhaíonn siad sin mar Ghníomhaireacht Óstach do thionscadail a fhaigheann deontas tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (SPY, YPFSF, YIC) nó an Roinn Sláinte (Tascfhórsa um Dhruaí) nó an Roinn Dlí agus Cirt (Athstíúradh an Gharda Síochána). Cuirfidh **13 ghníomhaire** seirbhísí oibre don aos óg ar fáil ar son BOO Chorcaí

in 2017. Nuair a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas réamh-mheasta go léir le chéile meastar go gcosnóidh maoiniú na dtionscnamh **€684,078** níos mó ná maoiniú an RLGÓ.

1. Iontaobhas Pháirc na hEaglaise
2. Clann Shíomóin Chorcaí
3. Foróige
4. Seirbhísí an Aoire Mhaith
5. Meitheal Mara
6. Ionad sláinte ghnéis
7. Roinn Spóirt Chomhairle na Cathrach
8. Tionscadal Chomhchaidrimh Naomh Caoimhín don Ógra
9. YWI Chorcaí
10. YMCA
11. Wellsprings
12. Seirbhísí Óige An Chóibh

Is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a chuireann maoiniú ar fáil do príomhscéim deontas obair Óige BOO Chorcaí, i leith tionscadal speisialta lasmuigh den scoil do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad an Tionscadal Speisialta don Óige (SPY), an Ciste Áiseanna agus Seirbhísí don Óige (YPFSF) agus Faisnéis don Óige (YIC) na scéimeanna sin.

Maidir le tionscnaimh obair don óige a dtugtar deontais dóibh tá sé d'aidhm acu forbairt phearsanta agus shóisialta na rannpháirtithe a éascú chun a n-acmhainneacht a bhaint amach agus go háirithe chun an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a thabhairt dóibh atá riachtanach dóibh chun go bhféadfar iad a lánpháirtiú go cuí sa tsochaí.

Ag éirí as feidhmeanna reachtúla oibre na BOOanna don aos óg, déanfaidh BOO Chorcaí na nithe seo a leanas in 2017

1. Tacú le hobair don aos óg a sholáthar
2. Tacú le comhordú a dhéanamh ar obair don aos óg
3. Tacú le riar na hoibre don aos óg
4. Tacú le measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme

Is iad na gníomhartha sin croí na hoibre maidir le feidhmeanna oibre na BOOanna don aos óg.

Torthaí Náisiúnta a Bhaint Amach do Dhaoine Óga

Is é Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile - an creat beartais náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga, 2014-2020 (BOBF) an chéad chreat beartais náisiúnta uileghabhálach do leanaí agus do dhaoine óga (ó 0-24 bliana d'aois), a d'fhorbair agus stiúir an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige thar ceann an Rialtais. Is é cuspóir an chreata ná beartais a chomhordú ar fud an Rialtais chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Tá sé mar aidhm ag Aonad BOO Chorcaí um Obair don Óige na torthaí seo a leanas a aithníodh sa straitéis a chur ar fáil in 2017:

Torthaí Náisiúnta

Cuirfidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí na Torthaí Náisiúnta ar fáil trí na tionscnaimh seo a leanas in 2017

Torthaí Áitiúla in 2017

Gníomhach agus Folláin	Dúshlán Maratón na hÓige Chathair Chorcaí	Beidh suas le 100 duine óg páirteach i imeacht spraoi 5km Beidh breis agus 20 foireann óige páirteach sa dhúshlán Marathóin
	Tascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha um Dhruaí	Beidh BOO Chorcaí an-ghníomhach ag tacú leis na Tascfhórsaí í Réigiúnacha agus Áitiúla um Dhruaí go háirithe maidir leis an tsnáithe a bhaineann le hoideachas agus cosc.
Acmhainneacht iomlán a bhaint amach i ngach réimse foghlama agus forbartha	Obair Óige BOO Uaireanta Comhair	Cuirfidh BOO Chorcaí uaireanta comhair ar fáil do thionscadail óige faoi Scéim an Tionscadail Speisialta do Óige chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar oibre don aos óg sa chathair agus chomhlánú a dhéanamh air.
Slán & Cosanta ó Dhochar	Cosaint Leanaí agus Tús Áite do Leanaí a Chur i bhFeidhm	Déanfaidh BOO Chorcaí deimhin de go gcuirfear Tús Áite do Leanaí i bhfeidhm i ngach ionad obair óige atá maoinithe ag BOO.
Slándáil Eacnamaíoch & Deiseanna	Cur le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail	Tacóidh BOO Chorcaí le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail maidir le forbairt seirbhísí do pháistí
Nasctha, faoi Mheas agus ag Cur leis an Saol timpeall orthu	Comhairle na nÓg	Tacóidh BOO Chorcaí le cur i bhfeidhm chlár cathrach agus contae Chomhairle na nÓg in 2017.

Oideachas Pobail agus Aosoideachas

Oideachas Pobail

Tá plean ag BOO Chorcaí cur le réimse agus méid na gclár in 2017 ar féidir teastais a fháil dá mbarr, go príomha ar leibhéal 2 agus 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Díreofar go speisialta in 2017 i gcás oideachais pobail ar dheiseanna breise a fhorbairt maidir le dul chun cinn.

Leanfaidh BOO Chorcaí ar aghaidh in 2017 mar an páirtí is mó i bhFéile Chorcaí um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, agus beidh páirt aige le himeachtaí in 2017 ar fud limistéar geografach níos leithne agus cuirfidh i bhfad níos mó ar fáil mar bhlaiseadh tosaigh de chúrsaí.

Beidh baint ag BOO Chorcaí le Corcaigh, Cathair Foghlama, nuair a dhéanfaidh sé óstáil ar 3ú Comhdháil na gCathracha Foghlama de chuig UNESCO i mí Mheán Fómhair 2017.

Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Beidh an méid a dhéanfar in 2017 maidir leis an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas cosúil leis an méid a rinneadh in 2016. Is é an príomhrud a dhíreofar air in 2017 sa Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas ná go mbeidh níos mó daoine ag dul ar aghaidh uaidh.

Litearthacht

Tá méadú déanta ar an méid gníomhaíochtaí Foghlama Teaghlaigh i samhail soláthair litearthachta foriomlán BOO Chorcaí in 2017. Beidh níos mó Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile san áireamh i bplean litearthacht BOO Chorcaí do 2017 chun déileáil le riachtanais bhunúsacha na ndaoine nach Éireannaigh ó dhúchas iad.

Treoir BOO Chorcaí d'Aosaigh

Leanfaidh an tSeirbhís Treorach do Dhaoine Fásta ar aghaidh ag feidhmiú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus le grúpaí eile chun próifíl na Seirbhíse a bhunú, a ról a mhéadú mar chuid lárnach den bhonneagar tacaíochta foghlama do dhaoine fásta i BOO Chorcaí.

Ógtheagmháil

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú i rith 2017 ar churaclam athbhreithnithe Ógtheagmhála a tugadh isteach in 2016 san 12 ionad Ógtheagmhála, mar aon le cur chuige il-srathach maidir le tinreamh a fheabhsú.

Ráiteas Seirbhísí - Eagraíochtúla

Tacaíocht Eagraíochta

Tugann líonra riaracháin atá lonnaithe i gCeannoifig an Bhoird ag 21 Cé Lavitt, Corcaigh, tacaíocht don Eagraíocht. Soláthraíonn an líonra riaracháin sin réimse iomlán seirbhísí do shnáitheanna éagsúla na heagraíochta i sé phríomhréimse feidhme:

- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí Corparáideacha
- Cúrsaí Dí & Comhlíonta
- Cúrsaí Caipitil & Soláthar
- Cúrsaí Airgeadais
- Cúrsaí TFC

Laistigh de na réimsí sin tá raon saineolais a chuimsíonn gach gné de thacaíocht riaracháin. Forbraíodh leibhéal suntasach d'eolas corparáideach thar am a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear, lena n-áirítear an creat reachtach agus rialála faoina n-oibríonn BOOanna.

Leis an bhfás suntasach agus an leathnú atá tagtha ar an scéim, agus i gcomhthéacs na n-acmhainní foirne teoranta atá sa Cheannoifig, beidh ar na baill foirne ar gach leibhéal agus i ngach disciplín páirt a ghlacadh go leanúnach i bpróiseas sreafa oibre agus atheagraithe córais chun go bhféadfar an leibhéal reatha seirbhíse a choinneáil ar siúl.

Ar chuid de na príomhfhorbairtí in 2017 a mbeidh tionchar acu ar fhoireann eagraithe na seirbhísí beidh:

Dara Leibhéal

Oscloídh an Bord síntí sna scoileanna seo a leanas in 2017

- Coláiste Pobail Ghleann Maghair
- Coláiste An Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí
- Coláiste Pobail Naomh Colmán, Mainistir na Corann

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Déanfar obair in 2017 chun raon iomlán na seirbhísí tacaíochta, seachas párolla, atá á gcur ar fáil faoi láthair ag an gCeannoifig a leathnú amach go Coláistí BOO. Leanfaidh rannóg phárolla na Roinne i mBaile Átha Luain, Co. Na hIarmhí ar aghaidh ag íoc tuarastal na múinteoirí agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta sna scoileanna náisiúnta pobail go dtí go mbeidh seirbhísí comhroinnte párolla tugtha isteach i BOO Chorcaí.

Comhaontú Bhóthar Lansdún

Dúshlán don fhoireann sa réimse AD agus sa Rannóg Airgeadais iad an tionchar atá na socruithe níos fearr a rinneadh faoin gcomhaontú náisiúnta thuas agus an obair maidir lena gcur i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil acmhainní teoranta riaracháin ar fáil don Bhord cruthaíonn castacht agus nádúr na bhfeabhsuithe atá le cur chun feidhme dúshlán dóibh.

Seirbhísí Roinnte

Tá forbairt á dhéanamh faoi láthair chun creat comhsheirbhísí náisiúnta a cheapadh do BOOanna a chlúdóidh feidhmeanna párolla agus airgeadais agus táthar ag dul chun cinn go maith leis. Beidh tionchar aige ar leagan amach oibre i rannóga airgeadais agus acmhainní daonna an Bhoird nuair a bhunófar é. Níl aon dáta cinnte socraithe maidir le tús a chur leis an tseirbhís náisiúnta agus idir an dá linn coinneofar raon iomlán tacaíochta airgeadais ar siúl ar fud na heagraíochta. Leanfar ar aghaidh ag baint úsáide as déchóras cuntasaíochta go dtí go mbunófar an creat seirbhíse comhroinnte.

Cúrsaí Airgeadais

Leanann an Bord ar aghaidh ag feidhmiú de réir na gceanglas rialála agus reachtaíochta agus de réir dea-chleachtais.

Rialachas

Tá an cód nua cleachtais i bhfeidhm maidir le rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna agus táthar ag cur leis trí bhíthin an athbhreithnithe ar chórais agus ar chleachtais oibre agus trí fheabhsú na timpeallachta um rialú inmheánach.

Bainistíocht Riosca

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an straitéis bhainistíochta riosca agus tá athruithe cuí á gcur i bhfeidhm mar chuid de chlár athbhreithnithe leanúnaigh. Foilseofar clár rioscaí corparáideacha in 2017 a chuimseoidh 3 shraith ar leith, Eagraíocht, Scoileanna agus Breisoideachas agus Oiliúint.

Clár Caipitil/Tógála

Tá an clár caipitil a mhéadú i gcónaí ó thaobh tionscadail tógála nua mar síntí nua le scoileanna srl. agus cothabháil agus feabhsú na punainne réadmhaoine atá ag an mBord cheana féin. Is timpeallacht dhúshlánach é sin i gcónaí nuair a chuirtear san áireamh na hacmhainní sriantacha riaracháin agus teicniúil atá ar fáil don Bhord.

Bainistíocht Léasanna

Táthar ag leanúint ar aghaidh ag bainistiú léasanna ó thaobh líon na bhfoirgneamh atá ar léas anois ag an mBord agus tá béim á leagan ar athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe léasa atá ann faoi láthair agus déanfar dianiarracht in 2017 chun clár léasanna cothrom le dáta a cheapadh.

Comhar le Pátrúin eile

Ag teacht le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 leanann foireann tacaíochta na heagraíochta ar aghaidh ag cur a seirbhísí agus a saineolais ar fáil do chomhlachtaí pátrúnachta eile trí thacaíocht phraiticiúil agus chomhairle a thabhairt dóibh.

In ainneoin an chláir mórathraithe a bhí ann le déanaí rinne foireann tacaíochta na heagraíochta iarracht a gcaighdeán ard tacaíochta a choinneáil don eagraíocht leathnaithe, agus é sin a dhéanamh i gcomhthéacs an lánchoisc atá san earnáil phoiblí ar earcú foirne agus daoine nua a fháil in áit daoine a imíonn.

Tuarascálacha Airgeadais

* Tá na dréachtaí i ngach tuarascáil airgeadais don bhliain dar chríoch 2016 bunaithe ar chuntais Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí nach ndearnadh iniúchadh orthu.

Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta

	Bliain Réamh- mheasta dar críoch 31/12/2017 €	* Dréacht don Bhliain dar críoch 31/12/2016 €
FÁLTAIS		
Deontais do Scoileanna & don Ceannoifig	113,050,476	107,932,633
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	52,533,857	50,666,745
Deontais i leith Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	0	54,633
Deontais i leith Seirbhísí Óige	3,300,000	3,214,506
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féin-Mhaoinithe	9,300,000	8,892,293
Caipiteal	11,002,653	11,545,266
	<u>189,186,986</u>	<u>182,853,656</u>

ÍOCAÍOCHTAÍ

Scoileanna & Ceannoifig	113,583,661	108,352,944
Breisoideachas agus Oiliúint	52,533,857	49,939,364
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	0	60,293
Seirbhísí Óige	3,300,000	3,226,288

Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féin-Mhaoinithe	9,000,000	8,631,850
Caipiteal	11,002,653	11,809,024
	<u>189,420,171</u>	<u>182,019,763</u>

Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse	(233,185)	333,893
---	-----------	---------

Tabhair faoi Deara: Áirítear sna réamh-mheastacháin maidir le hOideachas & Oiliúint printíseachtaí agus tionscadail nua a bhfuil tairiscintí fúthu faoi chaibidil chomh maith leis an gcaipitíocht/neamhphá feabhsaithe Iar-Ardeistiméireachta a bailíodh ó mhic léinn

Scoileanna na Príomhscéime agus Ceannoifig

	Bliain Réamh-mheasta dar críoch 31/12/2017	* Dréacht don bhliain dar críoch 31/12/2016
	€	€
Teagasc	94,717,227	91,027,462
Riarachán	5,446,427	5,037,232
Cothabháil	<u>3,075,578</u>	<u>2,829,496</u>
	<u>103,239,232</u>	<u>98,894,190</u>
Riarachán	1,800,000	2,347,519
Cothabháil	2,600,000	2,041,629
Teagasc	<u>2,000,000</u>	<u>1,592,673</u>
	<u>6,400,000</u>	<u>5,981,821</u>
CLÁIR BHAINTEACHA		
Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	1,440,519	1,482,179

Clár Críochnaithe Scoile	690,000	692,034
Deontas Deis & Idirchaidreamh Baile is Scoile	212,000	155,437
Feitheoireacht Scrúduithe	365,000	269,968
Deontas Leabhar	322,764	310,913
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	26,760	60,136
An Idirbhliain	137,560	141,908
Cúntóir Teanga Eachtraí	20,000	20,430
Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Per Capita)	41,223	22,328
Caipitíocht an Lucht Siúil	14,271	17,665
Deontais i leith Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh	16,000	16,603
Deontas do Rang Speisialta	3,500	3,576
Cúrsaí Inseirbhíse	7,000	6,735
Fisic, Ceimic, agus Eolaíocht	21,333	17,620
Deontas le haghaidh Tionlacan Bus	125,000	123,064
Deontas le haghaidh Tosú Scoile Nua	20,000	237
Deontas le haghaidh Bonneagar TFC	390,999	12,662
Deontas le haghaidh Riachtanais Speisialta	500	265
Deontas le haghaidh Trealamh Speisialta	40,000	44,975
An Tionscnamh um Pleanáil Forbartha Scoile	-	286
Naisc Baile/Scoile agus Pobail	-	27,418
Scoileanna Náisiúnta Pobail	50,000	77,912
	<u>3,944,429</u>	<u>3,476,933</u>
Iomlán	<u>113,583,661</u>	<u>108,352,944</u>

Tabhair faoi Deara: Ní raibh na nithe seo a leanas i Litir na Roinne Oideachais agus Eolaíochta - Fuarthas ar leithligh iad ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus iad bunaithe ar mheastacháin na mblianta roimhe sin

Clár Críochnaithe Scoile	690,000
Feitheoireacht Scrúduithe	365,000
Deontas le haghaidh Tionlacan Bus	125,000
Deontas le haghaidh Trealamh Speisialta	40,000
Scoileanna Náisiúnta Pobail	50,000
Deontas le haghaidh Tosú Scoile Nua	20,000
Deontas le haghaidh Cúntóir Theanga lasachta	20,000
Iomlán	1,310,000

Breisoideachas agus Oiliúint

ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	Réamh-mheasta Don bhliain dar críoch 31/12/2017	* Dréacht Don bhliain dar críoch 31/12/2016
	€	€
Breisoideachas		
Ógtheagmháil	6,767,342	6,741,953
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	3,904,841	3,831,216
Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	1,435,487	1,435,487
Ciste Nuálaíochta	613,446	613,446
Lítearthachta d'Aosaigh	3,498,340	3,441,442
Seirbhís Treorach Oideachais d'Aosaigh	460,000	431,714
Riachtanais Oideachais Speisialta de chuid Ógtheagmháil	58,500	44,475
Cíos Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	200,000	175,811
Caipitíocht Fheabhsaithe Iar-Ardteistiméireachta/Neamh-Phá Iar-Ardteistiméireachta	786,000	701,161
Uasghrádú Saoráidí Breisoideachais	750,000	569,161
Measúnuithe Ceaptha go hÁitiúil	455,458	455,458
Cumann Náisiúnta Comhordaitheoirí Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG)	9,600	12,850
Bliain Leanúnach Forbhartha Gairmiúla agus SDOG	47,903	47,903
Creatlach Cáilíochta	30,000	27,317
Treochomhairle d'Aosaigh	96,323	96,323

Fíordheimhniitheoirí Seachtracha Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	120,000	115,397
Breacadh	2,500	0
Abhcóideacht	52,000	49,672
Clár le haghaidh Dídeanaithe	90,000	58,697
Comhpháirtíocht Phríosún Chathair Chorcaí	0	16,353
	<u>19,377,740</u>	<u>18,865,836</u>
Oiliúint		
Nasc-chúrsa Idirlinne & Scileanna Oiliúna	4,359,385	5,518,344
Costais Oibriúcháin	6,807,526	6,761,036
Cúrsaí Oiliúna	2,397,701	1,429,588
Soláthraithe Sainoiliúna	5,382,304	5,091,059
Ionaid Oiliúna Pobail	2,027,555	2,137,535
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	3,429,531	3,847,346
Printíseacht	7,306,790	5,592,179
Cúrsaí Oíche	353,130	564,740
Printíseachtaí agus Tionscadail Nua (Tairiscint faoi chaibidil)	1,090,300	0
Foghlaim Ar-Line/Chumaiscthe/Leabharlainne	1,895	131,701
	<u>33,156,117</u>	<u>31,073,528</u>
Iomlán	<u>52,533,857</u>	<u>49,939,364</u>

Tabhair faoi Deara: San áireamh sa Chaipitíocht fheabhsaithe Iar-Ardteistiméireachta/Neamhphá tá €386,000 Bailithe ó Mic Léinn nach bhfuil sa Phlean Breisoideachais agus Oiliúna.

Sínithe: _____ Dáta: _____

An Clr. Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí